2024/3231

27.12.2024

CINNEADH (AE, Euratom) 2024/3231 ÓN gCOMHAIRLE

an 17 Nollaig 2024

lena leasaítear Rialacha Nós Imeachta na Comhairle

TÁ COMHAIRLE AN AONTAIS EORPAIGH,

Ag féachaint don Chonradh ar an Aontas Eorpach,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh, agus go háirithe Airteagal 240(3) de,

De bharr an mhéid seo a leanas:

(1) Tráth atá gníomh le glacadh ag an gComhairle trí thromlach cáilithe, ní mór a fhíorú gurb ionann na Ballstáit a seasann an tromlach cáilithe dóibh agus 65 %, ar a laghad, de dhaonra an Aontais.

(2) Déantar an céatadán sin a ríomh de réir na bhfigiúirí daonra a leagtar amach in Iarscríbhinn III a ghabhann le Rialacha Nós Imeachta na Comhairle ([1]) ('na Rialacha Nós Imeachta').

(3) Foráiltear, le hAirteagal 11(6) de na Rialacha Nós Imeachta, go bhfuil an Chomhairle, le héifeacht ón 1 Eanáir gach bliain, chun na figiúirí a leagtar amach san Iarscríbhinn a ghabhann leis, a leasú, i gcomhréir leis na sonraí atá ar fáil d'Oifig Staidrimh an Aontais Eorpaigh an 30 Meán Fómhair den bhliain roimhe sin.

(4) Ba cheart, dá bhrí sin, na Rialacha Nós Imeachta a leasú dá réir don bhliain 2025.

(5) I gcomhréir le hAirteagal 106a den Chonradh ag bunú an Chomhphobail Eorpaigh do Fhuinneamh Adamhach, tá feidhm ag Airteagal 240 den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh maidir leis an gComhphobal Eorpach do Fhuinneamh Adamhach,

TAR ÉIS AN CINNEADH SEO A GHLACADH:

Airteagal 1

Cuirtear an méid seo a leanas in ionad Iarscríbhinn III a ghabhann leis na Rialacha Nós Imeachta:

'IARSCRÍBHINN III

Na figiúirí maidir le daonra an Aontais agus daonra gach Ballstáit i gcás chur chun feidhme na bhforálacha maidir le vótáil trí thromlach cáilithe sa Chomhairle.

An Ballstát	Daonra	Céatadán táscach de dhaonra an Aontais (%)
an Ghearmáin	83 399 432	18,49
an Fhrainc	68 401 997	15,17
an Iodáil	59 685 948	13,23
an Spáinn	48 630 010	10,78
an Pholainn	37 565 715	8,33
an Rómáin	19 064 409	4,23
an Ísiltír	18 089 177	4,01
an Bheilg	11 832 049	2,62

([1]) Cinneadh 2009/937/AE ón gComhairle an 1 Nollaig 2009 lena nglactar Rialacha Nós Imeachta na Comhairle (IO L 325, 11.12.2009, lch. 35, http://data.europa.eu/eli/dec/2009/937/oj).

An Ballstát	Daonra	Céatadán táscach de dhaonra an Aontais (%)
an tSeicia	10 916 836	2,42
an Phortaingéil	10 639 726	2,36
an tSualainn	10 573 000	2,34
an Ghréig	10 401 302	2,31
an Ungáir	9 584 627	2,13
an Ostair	9 132 500	2,02
an Bhulgáir	6 445 481	1,43
an Danmhairg	5 954 471	1,32
an Fhionlainn	5 619 851	1,25
an tSlóvaic	5 455 252	1,21
Éire	5 351 681	1,19
an Chróit	3 861 967	0,86
an Liotuáin	2 885 891	0,64
an tSlóivéin	2 123 949	0,47
an Laitvia	1 871 882	0,42
an Eastóin	1 374 687	0,30
an Chipir	933 505	0,21
Lucsamburg	670 093	0,15
Málta	563 443	0,12’.
AE 27	451 028 881	
Tairseach (65 %)	293 168 773	

Airteagal 2

Tiocfaidh an Cinneadh seo i bhfeidhm ar dháta a fhoilsithe in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*.

Beidh feidhm aige ón 1 Eanáir 2025.

Arna dhéanamh sa Bhruiséil, an 17 Nollaig 2024.

Thar ceann na Comhairle

An tUachtarán

BÓKA J.